Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Deich mBliana na gCuimhneachán Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge
Maoiniú do Thionscadail Phobail 2022

FOIRM IARRATAIS

Critéir agus Treoirlínte

Is mian le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, i gcomhar le Clár Deich mBliana na gCuimhneachán de chuid An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, clár de thionscadail phobail a fhorbairt chun Deich mBliana na gCuimhneachán a chomóradh i 2022. Beidh maoiniú pobail ar fáil do ghrúpaí áitiúla chun gur féidir leo tionscadal a fhorbairt chun comóradh a dhéanamh ar imeachtaí stairiúla ina gceantair áitiúla.

Cad chuige Scéim Deontais Deich mBliana na gCuimhneachán de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge?

Úsáidfear an ciste chun tacaíocht a thabhairt d'eagraithe áitiúla agus pobail chun tionscadail nó imeachtaí a fhorbairt a dhéanfaidh comóradh ar Dheich mBliana na gCuimhneachán: an Conradh; corraíl oibrithe; athruithe sóisialta; atógáil infreastruchtúir agus saoil; an saol cultúrtha agus cruthaitheach sna 1920daí; críochdheighilt; ceangail áitiúla leis an domhan mór le linn na tréimhse seo; iondaíocht nua pholaitiúil ag an leibhéal áitiúil agus an Cogadh Cathartha.

Bearta Éigeandála COVID-19

Caithfidh aon tionscnamh nó gníomhaíocht a fhaigheann maoiniú ón gciste seo cloí go hiomlán leis an gcomhairle agus leis an treoir sláinte phoiblí ó thaobh paindéim COVID-19, mar atá leagtha síos ag FSS agus ag an Rialtas.

Beidh ar gach tionscadal lena mbaineann tionól poiblí agus gníomhaíochtaí for-rochtana gaolmhara ‘Plean B’ a bheith san áireamh mar rogha acu, gur féidir é a chur i bhfeidhm sa chás go mbeidh srian ar thionóil i bpearsain ag uair an imeachta atá beartaithe. D’fhéadfadh go n-iarrfaí ar iarrthóirí sonraí a gcomhlíonta le beartais sláinte phoiblí a chur ar aghaidh chuig Choiste na gCuimhneachán.

Is ceart smaoineamh ar thionscadail le cur chuige difriúil i leith rannpháirtíocht an phobail, m.sh. foilseacháin, bróisiúir agus bileoga, stair bhéil, obair ealaíne, ábhar digiteach coimeádta a fhorbairt, taispeántais ar líne, podchraoltaí, seimineáir ghréasáin, turais fhíorúla agus gníomhaíochtaí eile for-rochtana ar líne do dhaoine de gach aois.

Téamaí

An Conradh Angla-Éireannach – díospóireachtaí faoin gconradh agus freagraí áitiúla

An Cogadh Cathartha agus a thionchar ar theaghlaigh; leigheas agus athcheangail

Bunú an Stáit – bunú áisíneachtaí nua áitiúla agus stáit, m.sh. An Garda Síochána, aistriú na mbeairicí míleata agus soláthar sheirbhísí agus infreastruchtúir don phobal

An Ghaeilge

Críochdheighilt – tionchar agus freagraí áitiúla

Taithí na mban ar bhúnú an Stáit

Taithí na bpobal mionlacha agus ar an dteorainn in Éirinn

Gluaiseacht an lucht oibre agus ceisteanna a bhain le haicme agus le inscne a chíoradh, chomh maith leis na tionchair shocheacnamaíocha a bhí ag Cogadh na Saoirse agus ag an gCogadh Cathartha ar dhaoine aonaracha agus ar theaghlaigh

Éire agus an domhan mór, m.sh. Saorstát Éireann a bheith ligthe isteach i gConradh na Náisiún i Meán Fómhair, 1923; imirce agus naisc le diaspóra na hÉireann

Chun go n-éireoidh leo, is gá go mbeidh tionscadail ag teacht le ceann nó níos mó de na téamaí seo a leanas:

- ***Stairiúil*** – ag comóradh imeachtaí stairiúla na tréimhse 1913-1923 i gcomhthéacs ár stair
- ***Pobal*** – rannpháirtíocht an phobail áitiúil agus ghrúpaí pobal, ag cur stair an phobail áitiúil i láthair i gcomhthéacs na n-imeachtaí náisiúnta i gcoitinne. Ag cuimhneamh ar oidhreachtaí áitiúla, phearsantachtaí, áiteanna, imeachtaí agus ar théamaí a bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leo laistigh des na contaetha, paróistí agus pobail.
- ***Samhlaíocht Chruthaitheach*** – ag plé leis an stair i slí shamhlaíoch, ealaíonta agus chuimsitheach. Cérbh iad na freagraí ealaíonta a bhí ag scríbhneoirí agus ealaíontóirí áitiúla ar a gcuid taithí i rith an ama seo?
- Is gá go mbeidh gach tionscadal **ómósach, íogaireach agus neamhpháirtíneach**, i gcuimhne orthu siúd a d'fhulaing agus a bhfuair bás le linn na tréimhse 1922-1923. De bharr nádúr íogaireach na tréimhse corrach seo inár stair, iarraimid ar lucht eagraithe a bheith measúil ar na híogaireachtaí a d'fhéadfadh a bheith le himeachtaí áirithe a ndéanfar iad a chomóradh agus iarrtar ar dhaoine cur chuige neamhpháirtíneach, ómósach agus ionchuimsitheach a bheith acu.

Critéir

<u>Caithfear an méid seo a leanas a thaispeáint</u>:

- An méid is a dtagann an tionscadal atá beartaithe le himeachtaí Dheich mBliana na gCuimhneachán
- An spriocphobal ar a bhfuil an tionscadal dírithe (m.sh. grúpaí scoile; grúpaí gníomhaíochta lucht scoir, pobal áitiúil srl.)
- An costas a bhaineann leis an tionscadal a chur i gcrích
- Aon tacaíochtaí nó maoiniú breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil agus atá aimsithe ó gheallsealbhóirí ábhartha
- Cé chomh hindéanta is atá sé an tionscadal a chur i gcrích laistigh den achar ama atá tugtha
- Go mbeidh an ócáid ómósach, íogaireach agus neamhpháirtíneach

Dé mhéid airgid atá ar fáil?

Tá dhá rogha ann maidir le méid an chiste:

1. Suas le huasmhéid €1,000 in aghaidh an tionscadail
2. Suas le huasmhéid €2,000 do thionscadal ar scála níos mó

Tabhair faoi deara nach bhfuil aon ghealltanas ann go bhfaighfí uasmhéid an deontais do thionscadal ar bith.

Beidh an maoiniú bunaithe ar ábharthacht an tionscadail do na téamaí thuasluaite. Déanfaidh “Grúpa Stiúrtha Cuimhneachán” de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge gach iarratas a mheas.

Cé atá i dteideal cur isteach ar an maoiniú seo?

Chun a bheith incháilithe i gcomhair mhaoinithe, caithfidh an tionscadal a bheith lonnaithe i gCathair nó i gContae Phort Láirge agus caithfidh sé tarlú **roimh an Aoine, 21 Deireadh Fómhair 2022.**

<u>Is ceart do thionscadail béim ar chur ar an méid seo a leanas:</u>

- Cur leis an eolas atá ag muintir na háite ar an tréimhse seo sa stair
- A bheith aireach ar na íogaireachtaí a bhaineann le comóradh a dhéanamh ar thréimhse chomh chorrach sa stair, a bheith measúil, go mbeidh teacht ag lucht féachana agus rannpháirtithe éagsúla ar an tionscadal agus é a bheith cuimsitheach ó thaobh téama agus cur chuige de
- A bheith dírithe ar naisc láidre leis an bpobal a fhorbairt
- Inniúlacht a thaispeáint; sé sin caithfidh eagraí/eagraithe an phobail plean soiléir a bheith acu chun an tionscadal a chur i gcrích agus caithfí fianaise dá leithéid a thaispeáint.
- Cumas a bheith acu an tionscadal a chur chun cinn agus clúdach na meán cumarsáide a fháil
- A bheith mar thionscadal nua a tharlóidh i 2022, nó a bheith mar rud sa bhreis ar thionscadal reatha atá á fhorbairt chun comóradh a dhéanamh ar Dheich mBliana na gCuimhneachán.
- Go bhfuil an tionscadal deartha ar bhunús réadúil airgeadais, go bhfuil luach maith airgeadais ag baint leis agus go n-úsáidfear an maoiniú de réir théarmaí agus choinníollacha an deontais, mar atá leagtha amach sna Critéir agus Treoirlínte
- Go mbeidh an imeacht/tionscadal atá beartaithe curtha i gcrích agus go mbeidh an t-iarratas ar tharraingt anuas an deontais curtha isteach faoin Aoine, 21 Deireadh Fómhair 2002. Chiallfear aon mhaoiniú nach bhfuil éileamh déanta air faoin dáta seo.

Ní féidir a dheimhniú go dtabharfar maoiniú do thionscadail a shásaíonn na critéir cháilitheachta bunúsacha. Ciste teoranta atá ann agus déanfar iarratais cháilitheacha a mheas ar bhonn iomaíoch.

Cad iad na rudaí agus na costais nach bhfuil clúdaithe faoin gciste?

- Soláthar nó cothabháil leaca chuimhneachán, plaiceanna, bustaí nó dealbha.
- Caiteachas ar tháillí do shainchomhairleoireacht airgeadais, ar phá nó thuarastail do chomhairleoirí, ar fhíneálacha, ar íocaíochtaí pionósacha, ar chostais dlí, ar tháillí iniúchóireachta agus ar dheochanna meisciúla
- Uirlisí troda nó éidí macasamhlacha a fháil ar cíos nó a cheannach;
- Boinn nó bioráin chuimhneacháin a tháirgeadh;
- Riaracháin nó gníomhaíochtaí eile nach mbaineann le téamaí leathana Chlár Deich mBliana na gCuimhneachán an Stáit do 2022; agus
- Gníomhaíochtaí tráchtála.

Conas is féidir liom cur isteach ar an gciste?

Is ceart duit iarratas a dhéanamh go díreach le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Ní ghlacfar ach le hiarratais chomhlánaithe ar an bhfoirm iarratais ceadaithe. Caithfear an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh isteach **trí r-phost faoi 4.00i.n. ar an Luan, 28 Feabhra 2022 chuig: archivist@waterfordcouncil.ie.**

Conas a mbeidh a fhios agam gur éirigh le m'iarratas?

Gheobhaidh iarratasóirí a n-éireoidh leo Litir Thairisceana. Beidh an litir seo mar chonradh idir Comhairle Contae Phort Láirge agus an t-eagraí agus beidh na coinníollacha agus na riachtanais ar fad san áireamh inti.

Má tá ócáid á reachtáil ag Grúpaí, beidh orthu clúdach árachais dóthanach a bheith acu don ócáid agus déanfar Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge a shlánú ar an bpolasaí go luach airgid €6.5 milliún. Caithfidh gach ócáid cloí go hiomlán leis an gcomhairle agus leis an treoir sláinte phoiblí ó thaobh paindéim COVID-19, mar atá leagtha síos ag FSS agus ag an Rialtas.

Foilseofar liosta na n-iarratasóirí a éiríonn leo ar shuíomh idirlíon Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, ag lua ainm an ghrúpa agus an tionscadal atá beartaithe acu.

Má éiríonn liom, conas is féidir liom an t-airgead a tharraingt?

Beidh ar iarratasóirí rathúla Tuairisc ar dhul chun cinn an Tionscadail a sheoladh isteach faoin Aoine, 29 Iúil agus Tuairisc Deiridh Tionscadail a sheoladh ar aghaidh nuair atá an tionscadal curtha i gcrích.

Chun gur féidir an t-íocaíocht a fháil, beidh ar an iarratasóir gur éirigh leo ***Foirm Tuairisc Tionscadail*** ghairid a líonadh isteach (a chuirfidh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar fáil) agus an méid seo a leanas a chur ar fáil:

- Tuairisc ar Dhul Chun Cinn – le fianaise san áireamh go bhfuil tús curtha le hobair ar an tionscadal agus go mbeidh an tionscadal curtha i gcrích faoin spriocdháta deiridh de 21 Deireadh Fómhair 2022
- Tuairisc Deiridh Tionscadail - fianaise faoin tionscadal agus a rochtain don phobal (m.sh. suíomh idirlíon; cóip den fhoilseachán nó ábhar taifeadta, íomhánna ardtaifigh agus/nó cóipeanna de thuairisc faoin tionscadal sna meáin)
- Sonraisc agus Admhálacha do na costais iomlána. Ní íocfar aon deontas amach go dtí go mbeidh deimhniú ar chaiteachas faighte agus ní féidir deontais a íoc roimh ré

Sé an Aoine, 21 Deireadh Fómhair 2022 an spriocdháta chun an maoiniú a tharraingt anuas. Déanfar aon mhaoiniú nach bhfuil tarraingthe faoin spriocdháta a chur ar ceal. Os rud é nach féidir le tionscadal atá ceadaithe leanúint ar aghaidh mar a bhí beartaithe, iarrtar ort é seo a chur in iúl gan mhoill don Chartlannaí ag archivist@waterfordcouncil.ie

Aitheantas

Tar éis duit a bheith curtha ar an eolas go bhfuil maoiniú á fháil agat, caithfidh tú a chinntiú gur mar chuid den tionscnamh seo a dtabharfar poiblíocht dod' thionscadal agus beidh treoirlínte cuí maidir leis seo san áireamh sa litir thairisceana.

Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

Deich mBliain na gCuimhneachán – Ciste do Phobail

FOIRM IARRATAIS

SONRAÍ AN IARRATASÓRA	
Ainm an Ghrúpa Pobail / na hEagraíochta	
Seoladh an Ghrúpa Pobail / na hEagraíochta **Suíomh Gréasáin:**	
AINM & SONRAÍ TEAGMHÁLA AN TÉ ATÁ AG PLÉ LEIS AN IARRATAS	
Ainm:	
Fón:	
Rphost:	
SONRAÍ AN TIONSCADAIL PHOBAIL ATÁ BEARTAITHE	
Ainm an Tionscadail:	
Dátaí:	
Láthair/Láithreacha (más cuí):	
Ar reachtáileadh an tionscadal anuraidh/sna blianta roimhe seo?	
Conas mar a bheidh do thionscadal á cur os comhair an phobal? An bhfuil grúpaí eile páirteach? ***Déan liosta des na grúpaí, clubanna agus cumainn mar is cuí. (Má tá liosta agat, cur isteach é mar cheangaltán le d'iarratas)***	

Conas mar a d'aithin tú an spriocghrúpa don tionscadal?	
Conas a ndéanfaidh tú poiblíocht ar an tionscadal?	
Luaigh cé acu téama(í) lena mbaineann an tionscadal agus mínigh an bhaint.	
Cumas chun an beart a dhéanamh. **Sonraigh, le do thoil conas mar a thabharfaidh tú faoin tionscadal. Cad iad na struchtúirí atá i bhfeidhm, agus cé a dhéanfaidh maoirseoireacht srl.?**	

DÉAN CUR SÍOS, GO hACHOMAIR AR DO THIONSCADAL ***Mínigh an bunús atá leis an tionscadal agus conas mar a chuirfidh sé le Cuimhneacháin Deich mBliana Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge*** ***(Uasmhéid 100 focal, le do thoil)***		
Tabhair briseadh síos ar chaiteachas an tionscadail, le do thoil	**Tuairisc**	**Caiteachas**
An bhfuil maoiniú faighte agat, nó ar lorg tú maoiniú ó fhoinsí eile maoinithe phoiblí? Ciorclaigh mar is cuí.	**Tá**	**Níl**
Más ea, sonraigh foinse agus méid an mhaoinithe.		

NÍ dhéanfar foirmeacha neamhchríochnaithe a mheas

Séanadh – Léigh go cúramach le do thoil

Beidh sé mar choinníoll d'aon iarratas i gcomhair mhaoinithe, faoi théarmaí agus coinníollacha Thionscadal Chuimhneacháin Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, go bhfuil an t-iarratasóir tar éis an méid seo a leanas a léamh agus a thuiscint agus go bhfuil glactha leis:

1. Nach mbeidh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge faoi dhliteanas don iarratasóir nó d'aon pháirtí eile, maidir le haon chaillteanas, damáiste nó costais d'aon tsaghas, a éiríonn go díreach nó go hindíreach:
    a. ón iarratas nó ó ábhar an iarratais
    b. ó dhiúltú ar aon chúis, d'aon aighneacht.
2. Nach gcuirfear aon fhreagracht ar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, nó ní bheidh sí faoi dhliteanas, ag aon am nó in aon dálaí, maidir le haon rud in aon chor a bhaineann le riarachán ghníomhartha.
3. Nuair a ghlacfaidh siad le tairiscint deontais, cinnteoidh iarratasóirí go bhfuil gach ceadú, ceadanna, toiliú nó ceadúnas cuí faighte acu.
4. Trí iarratas a chur isteach, tá iarratasóirí ag toiliú le próiseáil agus le nochtadh a gcuid faisnéise ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge chuig tríú páirtithe eile más gá, ar mhaithe le riarachán an Chiste, tuairisciú, measúnú agus cuspóirí iniúchta; agus aontaíonn iarratasóirí rathúla go ndéanfaidh na páirtithe seo an fhaisnéis seo a nochtadh (m.sh. ainm an iarratasóra rathúil, méid an deontais, sonraí an tionscadail, srl.) maidir le margaíocht agus cur chun cinn an Chiste. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltacht, Spóirt agus Meán mar chomhpháirtithe ar Mheabhrán Tuisceana a léiríonn téarmaí an tsocraithe idir na páirtithe agus aontaíonn gach páirtí na beartais chuí a chur i bhfeidhm chun faisnéis na n-iarratasóirí a choimeád slán, sábháilte; cosc a chur ar nochtadh, rochtain nó athrú gan chead nó de thimpiste; cinntiú nach ndéanfar faisnéis phearsanta a phróiseáil ach amháin de réir forálacha cuí na reachtaíochta maidir le Cosaint Sonraí.

Dearbhú an Iarratasóra/na nIarratasóirí

Tá an t-eolas agus na critéir a bhaineann leis an gCiste léite againn agus tuigimid iad agus aontaímid cloí go hiomlán leis an méid atá ann. Dearbhaím/ Dearbhaímid go bhfuil an t-eolas ar fad atá tugtha san iarratas seo, chomh maith le gach eolas atá tugtha in aon cháipéisíocht atá curtha isteach a thacaíonn leis an iarratas, fírinneach agus cruinn agus nach bhfuilim/bhfuilimid tar éis iarratais a chur isteach chuig aon Chomhairle Cathrach/Contae eile i gcomhair mhaoinithe faoin Tionscadal seo. *Caithfidh níos mó ná ball amháin den ghrúpa an t-iarratas a shíniú.*

Sínithe: _____ Dáta: _____

Ainm: (i mbloclitreacha):

_____

Sínithe: _____ Dáta: _____

Ainm: (i mbloclitreacha):

_____

Ar son: (ainm na heagraíochta):

Caithfí an fhoirm chomhlánaithe a chur isteach trí r-phost chuig archivist@waterfordcouncil.ie

Bí cinnte go bhfuil na Critéir agus Treoirlínte léite agat agus go bhfuil an fhoirm comhlánaithe in iomlán agat sula seolann tú isteach d'iarratas.

Tá comhairle ar an gciste agus ar an bpróiseas iarratais ar fáil ó Oifig Chartlainne/Oidhreachta na Comhairle trí theagmháil a dhéanamh le Joanne Rothwell ag jrothwell@waterfordcouncil.ie nó 058 21144; nó Bernadette Guest ag bguest@waterfordcouncil.ie; agus tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail trí theagmháil a dhéanamh le Muriel Tobin ag mtobin@waterfordcoco.ie nó 058 21198.